C/2023/1048

17.11.2023

Glao ar iarratais 'Príomhchathair Chultúir na hEorpa' a chur isteach - EAC/P01/2023

(C/2023/1048)

1. I gcomhréir le Cinneadh Uimh. 445/2014/AE ([1]) arna leasú le Cinneadh (AE) 2017/1545 ([2]) arna leasú a thuilleadh le Cinneadh (AE) 2020/2229 ([3]), tá glao á sheoladh ag an gCoimisiún, an Ard-Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr, chun iarratais a chur isteach ar Ghníomhaíocht an Aontais 'Príomhchathair Chultúir na hEorpa' le haghaidh na bliana 2030 le haghaidh cathracha i dtíortha CSTE/LEE, tíortha is iarrthóirí nó iarrthóirí ionchasacha a ghlacann páirt i gClár Eoraip na Cruthaitheachta ar dháta foilsithe an ghlao seo.

2. Is é is aidhm don ghlao seo ceann de na cathracha sin a ainmniú mar Phríomhchathair Chultúir na hEorpa in 2030.

3. Is iad cuspóirí ghníomhaíocht Phríomhchathair Chultúir na hEorpa éagsúlacht na gcultúr san Eoraip a chosaint agus a chur chun cinn agus béim a leagan ar na tréithe atá i bpáirt acu chomh maith le muintearas na saoránach le limistéar comhchultúir a threisiú, agus an méid a chuireann cultúr le forbairt fhadtéarmach na gcathracha a chothú. Leis na gníomhaíochtaí a fhorbróidh an chathair a ainmneofar mar Phríomhchathair Chultúir na hEorpa, féachfar le feabhas a chur ar raon, éagsúlacht agus gné Eorpach na n-imeachtaí cultúrtha; rochtain ar an gcultúr agus rannpháirtíocht ina leith a leathnú; treisiú le hacmhainní earnáil an chultúir mar aon lena naisc le hearnálacha eile agus próifíl idirnáisiúnta na cathrach a ardú tríd an gcultúr.

4. Tá faisnéis mhionsonraithe, coinníollacha maoiniúcháin agus foirm iarratais le fáil i dtéacs iomlán an ghlao ag: https://culture.ec.europa.eu/calls/ecoc-2030.

Tugtar forléargas sa téacs iomlán ar na critéir incháilitheachta, eisiaimh agus dhámhachtana a chuirfear i bhfeidhm chun measúnú a dhéanamh ar na hiarratais chomh maith le faisnéis faoin nós imeachta roghnúcháin. Ní mór d'iarratais na ceanglais go léir a leagtar amach i dtéacs iomlán an ghlao a chomhlíonadh.

5. Ní mór iarratais a sheoladh chuig an seoladh a léirítear i dtéacs iomlán an ghlao tráth nach déanaí ná an 16 Deireadh Fómhair 2024.

([1]) IO L 132, 3.5.2014, lch. 1.
([2]) IO L 237, 15.9.2017, lch. 1.
([3]) IO L 437, 28.12.2020, lch. 116.